**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) –VB v GUPFINGER Einrichtungsstudio GmbH**

**(Cás C-625/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí le tomhaltóirí – Séanadh neamhdhlisteanach conartha arna dhéanamh ag tomhaltóir – Téarma a dearbhaíodh a bheith éagórach lena gcinntear ceart cúitimh an trádálaí don damáiste a d'fhulaing sé – Cur i bhfeidhm an dlí náisiúnta fhorlíontaigh)***

(2023/C 35/18)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VB

*Cosantóir:* GUPFINGER Einrichtungsstudio GmbH

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas: i gcás inar dearbhaíodh go raibh téarma cúitimh i gconradh díolacháin éagórach agus, dá dhroim sin, go bhfuil sé ar neamhní, ós rud é go bhféadfaidh an conradh sin leanúint ar aghaidh d'ainneoin sin in éagmais an téarma sin, cuirtear cosc leo ar an díoltóir gairmiúil a d'fhorchuir an téarma sin éileamh a dhéanamh, i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí atá bunaithe go heisiach ar fhoráil fhorlíontach i ndlí náisiúnta na gconarthaí, ar chúiteamh dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, a bheadh infheidhme in éagmais an téarma sin, as an damáiste a d'fhulaing sé.

([1]) IO C 37, 24.01.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg – Lucsamburg) – GV v Caisse nationale d'assurance pension**

**(Cás C-731/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Saorghluaiseacht Daoine – Airteagal 45 CFAE – Oibrithe – Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 – Airteagal 7(1) agus (2) – Cóir chomhionann – Buntáistí sóisialta – Pinsean marthanóra – Comhaltaí de pháirtnéireacht shibhialta – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú pinsin marthanóra go n-iontrálfar comhpháirtíochta a tugadh i gcrích go bailí agus a cláraíodh i mBallstát eile sa chlár náisiúnta)***

(2023/C 35/19)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* GV

*Cosantóir:* Caisse nationale d'assurance pension